



2017. S.24AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017**

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

*FOINSÍ*

### 1. PICTIÚIR

#### *PICTIÚR A.*



Foinse: <https://deirdremorgan1.files.wordpress.com>

**PICTIÚR B.**



Foinse: [www.historyireland.com](http://www.historyireland.com)

**PICTIÚR C.**



Foinse: [www.voicesintoaction.ca](http://www.voicesintoaction.ca)

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

#### **Sliocht as Sir John Davies, 'A Discovery of True Causes why Ireland was entirely subdued', a scríobhadh in 1612.**

Bhí tailte na nÉireannach i gCúige Uladh ar an gcuid ba ghairbhe agus ba neamhleasaithe de thír na hÉireann agus ba iad a bhí mar lárionad don éirí amach mór deireanach. Tá siad níos eagraithe agus níos bunaitheanois ná aon chuid de na tailte sna cúigí eile.

Is le tabhartas speisialta ó Dhia a cuireadh eager ar na tailte seo, mar gur chaith sé amach na fealltóirí mailíseacha agus míbhúiocha sin, naimhde an Reifirméisin in Éirinn.

Níor fhág an Rí na daoine dúchasacha amach go hiomlán as an bplandáil seo, ach rinne sé plandáil ina raibh meascán d'Éireannaigh agus de Bhriotanaigh sa chaoi go bhforbróidís le chéile mar aon náisiún amháin. In áiteanna áirithe, aistríodh na hÉireannaigh amach as na coillte agus anuas ó na sléibhte chuig na machairí agus na bánta, sa chaoi (cosúil le crainn torthaí atá fiáin) go n-éireoidís níos séimhe agus go mbeadh toradh níos fhearr agus níos milse orthu de bharr a n-aistrithe.

Nuair a bheidh an phlandáil seo fréamhaithe, agus nuair a bheidh sí socraite agus ionnaithe ar feadh roinnt bheag blianta, le fabhar agus beannacht ó Dhia, daingneoidh sí an tsíocháin in Éirinn, á deimhniú do chorónin Shasana go deo; agus ar deireadh, beidh sí ina Ríocht shibhialta shaibhir a bheidh tréan agus rathúil.

Foinse: [www.bl.uk/learning/histcitizen/uk/ireland/source3/engviewplant.html](http://www.bl.uk/learning/histcitizen/uk/ireland/source3/engviewplant.html)

## DOICIMÉAD 2

**Sliocht leasaithe ó agallamh déanta leis an BBC ag Mary Hinchcliff maidir le obair dheonach i gCúl Raithin le linn an Dara Cogadh Domhanda.**

Bhí calafort mór Dhoire (agus an Feabhal) mar chuid ríthábhachtach de chonbhuanna an Atlantaigh a sheol ó Ghlaschú/Learpholl chuig na Stáit Aontaithe agus Ceanada. Ba go Doire a tháinig siad i ndeireadh na dála chun bia úr a thógáil ar bord agus chun fanacht le horduithe le seoladh.

Is í an chuimhne dheiridh atá agam ar na rudaí a rinne Seirbhís Dheonach na mBan (WVS) ná i ndiaidh an dá mhór-ruathar aeir i mBéal Feirste. Tháinig mórán leoraithe agus iad lán le fir, mná agus páistí a bhí ocrach, salach, gortaithe agus scanraithe agus a raibh aire agus bia le tabhairt dóibh i gCúl Raithin. Glacadh Scoileanna an Chumainn Éireannacha 'ar láimh' go sealadach agus chuaigh an WVS isteach iontu chun leapacha campa agus béisí a ullmhú do na 'teifigh' ó Chathair Bhéal Feirste nó go mbeadh sé sábháilte dóibh filleadh ar a gcuid tithe nó dul chuig gaolta nó go bhféadfaí iad a chur ar billéad go háitiúil.

Jab mór a bhí ann agus tugadh isteach na Banóglachaigh áitiúla chun cuidiú le cóiriú leapacha, chun an craiceann a bhaint de ghlásraí nó chun jabanna eile a dhéanamh. Cuireadh mo dheirfiúr agus mé féin ag níochán buidéal do pháistí — an chéad uair riamh a chonaic mé buidéil ghlasa agus dhonna á n-úsáid don ghnó sin agus sine ar a mbarr!

Ghlac líon mór de mhná an WVS páirt san obair seo — obair dheonach chrua a bhí inti, ar feadh seacht lá na seachtaine go minic nuair ba ghá sin. Chonaic mórán de na mná na fir seo acu féin ag imeacht chun seirbhís a dhéanamh i gceantair eile agus cónaí sna ceantair sin agus mar sin bhí siad sásta a gcion féin a dhéanamh chun cabhair a thabhairt go háitiúil.

Foinse: [www.bbc.co.uk/history/ww2peopleswar/stories/71/a3384371.shtml](http://www.bbc.co.uk/history/ww2peopleswar/stories/71/a3384371.shtml)